

Iris Oifigiúil

na gComhphobal Eorpach

An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí


Clár

Leathanach

Achtú uchtaithe faoi Teideal VI den Conradh ar an Aontas Eorpach

Gníomh ón gComhairle an 19 Meitheamh 1997 ag dréachtú an Phrótacail, ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 41 (3) de Choinbhinsiún Europol, maidir le príbhleídí agus díolúintí Europol, chomhaltaí a orgán agus Leas-Stiúrthóirí agus fhostaithe Europol 1

Gníomh ón gComhairle an 19 Meitheamh 1997 ag dréachtú an Dara Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint 11



(Achtú uchtaithe faoi Teideal VI den Conradh ar an Aontas Eorpach)

GNÍOMH ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Meitheamh 1997

ag dréachtú an Phrótacail, ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 41 (3) de Choinbhinsiún Europol, maidir le pribhléidí agus díolúintí Europol, chomhaltaí a orgán agus Leas-Stiúrthóirí agus fhostaithe Europol

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe d'Airteagal K.3 de,

Ag féachaint don Choinbhinsiún ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le hOifig Eorpach Póilíní a bhunú (Coinbhinsiún Europol) ⁽¹⁾, agus go háirithe d'Airteagal 41 (3) de,

De bhrí go mbeidh ag Europol, comhaltaí a orgán, Leas-Stiúrthóirí agus fhostaithe Europol na pribhléidí agus na díolúintí is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh i gcomhréir le Prótacal ag leagan síos na rialacha atá le cur i bhfeidhm sna Ballstáit uile,

Tar éis a chinneadh go ndréachtaítear leis seo an Prótacal a bhfuil an téacs de i gceangal leis seo agus atá sínithe ar an lá seo ag Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh,

Á MHOLADH do na Ballstáit lena ghlacadh i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 19 Meitheamh 1997.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. DE BOER

⁽¹⁾ IO Uimh. C 316, 27. 11. 1995, lch. 1.

PRÓTACAL

arna dhreachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 41 (3) de Choinbhinsiún Europol, maidir le pribhléidí agus díolúintí Europol, chomhaltaí a orgán agus Leas-Stiúrthóirí agus fhostaithe Europol

TÁ NA HARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA sa Phrótacal seo, Ballstáit an Aontais Eorpaigh,

AG TAGAIRT do Ghníomh ón gComhairle an 19 Meitheamh 1997;

DE BHRÍ go mbeidh, de bhun Airteagal 41 (1) den Choinbhinsiún ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le hOifig Eorpach Póilíní a bhunú (Coinbhinsiún Europol), ag Europol, comhaltaí a orgán agus Leas-Stiúrthóirí agus fhostaithe Europol na pribhléidí agus na díolúintí is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh i gcomhréir le Prótacal ag leagan síos na rialacha atá le cur i bhfeidhm sna Ballstáit uile,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

*Airteagal 1***Sainmhínte**

Chun críoch an Phrótacail seo:

- (a) ciallaíonn ‘an Coinbhinsiún’ an Coinbhinsiún ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le hOifig Eorpach Póilíní a bhunú (Coinbhinsiún Europol);
- (b) ciallaíonn ‘Europol’ an Oifig Eorpach Póilíní;
- (c) ciallaíonn ‘orgáin Europol’ an Bord Bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 28 den Choinbhinsiún, an Rialtóir Airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 35 (7) den Choinbhinsiún, agus an Coiste Airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 35 (8) den Choinbhinsiún;
- (d) ciallaíonn ‘an Bord’ an Bord Bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 28 den Choinbhinsiún;
- (e) ciallaíonn ‘an Stiúrthóir’ Stiúrthóir Europol dá dtagraítear in Airteagal 29 den Choinbhinsiún;
- (f) ciallaíonn ‘an fhoireann’ Stiúrthóir, Leas-Stiúrthóirí agus fhostaithe Europol dá dtagraítear in Airteagal 30 den Choinbhinsiún amach ón bhfoireann áitiúil dá dtagraítear in Airteagal 3 de na Rialacháin Foirne;
- (g) ciallaíonn ‘cartlann Europol’ gach taifead, comhfhreagras, doiciméad, lámhscríbhinn, sonra ríomhaire agus meán, grianghraf, scannán, taifead amhaire agus fuaime is le hEuropol nó atá á shealbhú aige nó is le haon bhall dá fhoireann nó atá á shealbhú aige, agus aon ábhar eile dá shamhail atá ina chuid de chartlann Europol i dtuairim d’aon toil an Bhoird agus an Stiúrthóra.

*Airteagal 2***Díolúine ó phróis dlí agus díolúine ó chuardach, urghabháil, foréileamh, coigistiú agus aon sórt eile cur isteach**

1. Beidh ag Europol díolúine ó phróis dlí i leith an dliteanais maidir le próiseáil neamh-údaraithe nó mhícheart sonraí dá dtagraítear in Airteagal 38 (1) den Choinbhinsiún.
2. Beidh maoin, cistí agus sócmhainní Europol, cibé áit ar chríocha na mBallstát agus ag cibé duine a mbeidh siad, díolmhaite ó chuardach, urghabháil, foréileamh, coigistiú agus aon sórt eile cur isteach.

*Airteagal 3***Dosháraitheacht na cartlainne**

Beidh cartlann Europol, cibé áit ar chríocha na mBallstát agus ag cibé duine a mbeidh sí, dosháraithe.

*Airteagal 4***Saoirseacht ó chánacha agus dleachtanna**

1. Laistigh de raon feidhme a ghníomhaíochtaí oifigiúla, beidh Europol, a shócmhainní, a ioncam agus a mhaoin eile saortha ó gach cáin dhíreach.
2. Beidh Europol saortha ó chánacha indíreacha agus dleachtanna a bheidh ar áireamh i bpraghas maoin sochorraithe agus dochorraithe agus seirbhísí arna bhfáil le haghaidh a úsáide oifigiúla agus a mbeidh caiteachas suntasach ag roinnt leo. Féadfar an tsaoirseacht a dheonú i bhfoirm aisíocaíochta.

3. Earraí arna gceannach faoin Airteagal seo atá saortha ó cháin bhreisluacha nó dleachtanna máil, ní dhéanfar iad a dhíol, ná a dhiúscairt ar dhóigh eile, ach amháin i gcomhréir leis na coinníollacha arna gcomhaontú leis an mBallstát a dheonaigh an tsaoirseacht.

4. Ní dheonófar saoirseacht ar bith i leith cánacha agus dleachtanna is táillí as seirbhísí sonracha arna soláthar.

Airteagal 5

Sócmhainní airgeadais a bheith saor ó shrianta

Gan é a bheith faoi réir aon rialuithe airgeadais, rialachán, ceanglas fógra i leith idirbheart airgeadais, ná mortchairde d'aon saghas, féadfaidh Europol, faoi shaoirse:

- (a) aon airgead reatha a cheannach trí bhealaí údaraithe, a shealbhú agus a dhiúscairt;
- (b) cuntais a bheith aige in aon airgead reatha.

Airteagal 6

Saoráidí agus díolúintí i leith cumarsáide

1. Ceadóidh Ballstáit d'Europol cumarsáid a dhéanamh faoi shaoirse, gan ghá le cead speisialta, chun gach críoch oifigiúil, agus cosnóidh siad ceart Europol chuige sin. Beidh ag Europol an ceart cóid a úsáid agus comhfhreagras oifigiúil agus cumarsáidí oifigiúla eile a sheachadadh agus a ghlacadh trí theachtairé nó i málaí séalaithe a bheidh faoi réir na bpríbhleáidí agus na ndíolúintí céanna atá ag teachtairí agus málaí taidhleoireachta.

2. A mhéad a bheidh i gcomhréir le Coinbhinsiún Teileachumarsáide Idirnáisiúnta an 6 Samhain 1982, beidh ag Europol, le haghaidh a chumarsáidí oifigiúla, cóir nach lú fabhar ná an chóir a thugann Ballstáit d'aon eagraíocht idirnáisiúnta nó rialtas, lena n-áirítear misin taidhleoireachta na rialtas sin, i dtaca le tosaíochtaí maidir le cumarsáidí tríd an bpost, trí chábla, teileagraf, teiléacs, raidió, teilifís, teileafón, facs, saitlít, nó aon mheán eile.

Airteagal 7

Iontráil, fanacht agus imeacht

Éascóidh Ballstáit, más gá, iontráil, fanacht agus imeacht na ndaoine atá liostaithe in Airteagal 8 chun críoch gnó oifigiúil. Ní choiscfidh sin an ceanglas fianaise réasúnta a thabhairt chun a shuíomh go dtagann daoine a éilíonn an

chóir dá bhforáiltear san Airteagal seo faoi na haicmí atá tuairiscithe in Airteagal 8.

Airteagal 8

Pribhléidí agus díolúintí comhaltaí d'orgáin Europol agus comhaltaí d'fhoireann Europol

1. Beidh ag comhaltaí d'orgáin Europol agus comhaltaí d'fhoireann Europol na díolúintí seo a leanas:

- (a) gan dochar d'Airteagal 32, agus a mhéad is infheidhme, d'Airteagal 40 (3) den Choinbhinsiún, díolúine ó phróis dlí d'aon saghas i leith a bhfocal labhartha nó scríofa agus gníomhartha a rinne siad i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna oifigiúla; leanfaidh an díolúine sin d'ainneoin go bhféadfaidh na daoine sin bheith tar éis scor de bheith ina gcomhaltaí d'orgán de chuid Europol nó ina gcomhaltaí d'fhoireann Europol;
- (b) dosháraitheacht a bpáipéar agus a ndoiciméad oifigiúil uile agus a n-ábhar oifigiúil eile.

2. Comhaltaí d'fhoireann Europol a bhfuil a dtuarastail agus a n-éadálacha inchurtha faoi cháin chun tairbhe d'Europol mar atá luaite in Airteagal 10, beidh acu díolúine ó cháin ioncaim i dtaca le tuarastail agus éadálacha arna n-íoc ag Europol. Ar a shon sin, féadfar na tuarastail agus na héadálacha sin a chur san áireamh, agus méid na cánach is iniúctha ar ioncam ó fhoinsí eile á mheas. Ní bheidh an mhír seo infheidhme ar phinsin agus blianachtaí arna n-íoc le hiarchomhaltaí d'fhoireann Europol agus lena gcleithiúnaithe.

3. Beidh forálacha Airteagal 14 den Phrótocal ar phribhléidí agus díolúintí na gComhphobal Eorpach infheidhme ar chomhaltaí d'fhoireann Europol.

Airteagal 9

Saoirseachtaí ó dhíolúintí

Ní chuirfear an díolúine arna deonú do dhuine atá luaite in Airteagal 8 i mbaint le caingeán dlí arna tionscnamh ag tríú páirtí i leith damáistí, lena n-áirítear díobháil do dhuine nó bás duine, de dheasca tionóisce bóthair a raibh an duine sin ciontach inti.

Airteagal 10

Cánacha

1. Faoi réir na gcoinníollacha agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna leagan síos ag Europol agus arna gcomhaontú ag an mBord, beidh comhaltaí d'fhoireann Europol arna bhfostú go ceann íostréimhse bliana

inchurtha faoi cháin chun tairbhe d'Europol ar thuarastail agus éadálacha arna n-íoc ag Europol leo.

2. Gach bliain, cuirfear in iúl do na Ballstáit ainmneacha agus seoltaí chomhaltaí fhoireann Europol atá luaite san Airteagal seo, maille le hainmneacha aon phearsanra eile arna chonrú chun obair a dhéanamh ag Europol. Eiseoidh Europol do gach duine díobh deimhniú bliantúil ina luafar mórmhéid agus glanmhéid luach saothair d'aon chineál arna íoc ag Europol don bhliain i gceist, lena n-áirítear mionsonraí agus cineál na n-íocaíochtaí agus aon mhéideanna arna gcoimeád siar ag an bhfoinse.

3. Ní bheidh an tAirteagal seo infheidhme ar phinsin agus blianachtaí arna n-íoc le hiarchomhaltaí d'fhoireann Europol agus lena gcleithiúnaithe.

Airteagal 11

An pearsanra a chosaint

Arna iarraidh sin don Stiúrthóir, déanfaidh na Ballstáit gach beart réasúnach i gcomhréir lena ndlíthe náisiúnta, chun an tsábháilteacht agus an chosaint is gá a áirithiú do na daoine atá luaite sa Phrótacal seo a bhfuil a slándáil i mbaol de bharr a gcuid seirbhísi d'Europol.

Airteagal 12

Díolúintí a tharscaoileadh

1. Is chun leasa Europol a dheonófar na pribhléidí agus na díolúintí faoi fhorálacha an Phrótacail seo agus ní chun leas pearsanta na ndaoine féin. Beidh de dhualgas ar Europol agus ar na daoine go léir a mbeidh na pribhléidí agus na díolúintí sin acu dlíthe agus rialacháin na mBallstát a chomhlíonadh ar gach slí eile.

2. Beidh de cheangal ar an Stiúrthóir díolúine Europol agus aon chomhaltaí d'fhoireann Europol a tharscaoileadh i gcásanna ina mbeadh an díolúine sin ina bac ar chúrsa an cheartais agus inar féidir í a tharscaoileadh gan dochar do leasanna Europol. Beidh oibleagáid dá samhail ar an mBord i leith an Stiúrthóra, an Rialtóra Airgeadais agus chomhaltaí an Choiste Airgeadais. Is iad na Ballstáit faoi seach a bheidh inniúil chun na díolúintí a tharscaoileadh i leith chomhaltaí an Bhoird.

3. Nuair a tharscaoiltear díolúine Europol mar atá luaite in Airteagal 2 (2), déanfar na cuardaigh agus na hurghabhálacha arna n-ordú ag údarás bhreithiúnacha na mBallstát i láthair an Stiúrthóra nó toscaire arna cheapadh aige, i gcomhlíonadh na rialacha rúndachta arna leagan síos sa Choinbhinsiún nó dá bhua.

4. Comhoidbreoidh Europol i gcónaí le húdarás iomchuí na mBallstát chun riar rianúil an cheartais a éascú agus coiscfidh sé aon mhí-úsáid de na pribhléidí agus de na ndíolúintí arna ndeonú faoi fhorálacha an Phrótacail seo.

5. Má mheasann údarás nó comhlacht breithiúnach inniúil de chuid Ballstáit go ndearnadh pribhléid nó díolúine arna deonú ag an bPrótacal seo a mhí-úsáid, rachaidh an comhlacht atá freagrach as an díolúine a tharscaoileadh de bhun mhír 2 i gcomhairle, arna iarraidh sin, leis na húdarás iomchuí chun a shuíomh ar tharla aon mhí-úsáid den sórt sin. Mura dtagann toradh atá sásúil don dá thaobh as na comhairliúcháin sin, déanfar an t-ábhar a réiteach i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha amach in Airteagal 13.

Airteagal 13

Díospóidí a réiteach

1. Díospóidí maidir le diúltú díolúine de chuid Europol nó duine a mbeidh aige, de bhun a phoist oifigiúil, díolúine mar atá luaite in Airteagal 8 (1) a tharscaoileadh, déanfaidh an Chomhairle iad a phlé i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha amach i dTeideal VI den Chonradh ar an Aontas Eorpach d'fhonn teacht ar réiteach.

2. Nuair nach ndéantar na díospóidí sin a réiteach, cinnfidh an Chomhairle d'aon toil na rialacha mionsonraithe faoina ndéanfar iad a réiteach.

Airteagal 14

Forchoimeádais

Ní fhéadfaidh an Prótacal seo a bheith faoi réir forchoimeádas.

Airteagal 15

Teacht i bhfeidhm

1. Beidh an Prótacal seo faoi réir a ghlactha ag na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don taiscí go bhfuil a rialacha bunreachtúla faoi seach chun an Prótacal seo a ghlacadh comhlíonta acu.

3. Tíocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den dara mí tar éis don fhógra dá dtagraítear i mír 2 a bheith tugtha ag an mBallstát is ball den Aontas Eorpach ar dháta na Comhairle do ghlacadh an Ghnímh ag dréachtú an Phrótacail seo is déanaí a dhéanfaidh an beart sin.

*Airteagal 16***Aontachas**

1. Beidh an Prótacal seo ar oscailt d'aontachas aon Stát a thioctaidh chun bheith ina Bhallstát den Aontas Eorpach.
2. Taiscfear ionstraimí aontachais leis an taiscí.
3. Is téacs údarásach téacs an Phrótacail seo i dteanga an Stáit aontaigh, arna dhréachtú ag Comhairle an Aontais Eorpaigh.
4. Tioctaidh an Prótacal seo i bhfeidhm i leith aon Stát a aontaíonn dó 90 lá tar éis dháta a ionstraime aontachais a thaisceadh nó ar dháta an Phrótacail seo a theacht i bhfeidhm mura mbeidh sé tagtha i bhfeidhm fós tráth na tréimhse 90 lá thuasluaite a dhul in éag.

*Airteagal 17***Meastóireacht**

1. Faoi cheann dhá bhliain tar éis don Phrótacal seo teacht i bhfeidhm, déanfar meastóireacht air faoi mhaoirsiú an Bhoird Bhainistíochta.
2. Ní dheonófar díolúine de bhun phointe (a) d'Airteagal 8 (1) ach i leith gníomhartha oifigiúla nach foláir a ghabháil de lámh i gcomhall na bhfeidhmeanna atá leagtha amach in Airteagal 3 den Choinbhinsiún sa leagan a síníodh ar an 26 Iúil 1995. Roimh gach leasú nó leathnú ar na feidhmeanna in Airteagal 3 den Choinbhinsiún, déanfar athbhreithniú i gcomhréir leis an

gcéad mhír, go háirithe i ndáil le pointe (a) d'Airteagal 8 (1) agus le Airteagal 13.

*Airteagal 18***Leasuithe**

1. Féadfaidh gach Ballstát is Ardpháirtí Conarthach sa Phrótacal seo leasuithe ar an bPrótacal seo a mholadh. Cuirfear gach togra do leasú chuig an taiscí agus cuirfidh seisean ar aghaidh chuig an gComhairle é.
2. Bunóidh an Chomhairle leasuithe d'aon toil agus molfaidh sí iad lena nglacadh ag na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.
3. Tioctaidh na leasuithe arna mbunú amhlaidh i bhfeidhm i gcomhréir le forálacha Airteagal 15.
4. Cuirfidh Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh dáta theacht i bhfeidhm na leasuithe in iúl do na Ballstáit uile.

*Airteagal 19***Taiscí**

1. Is é Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh taiscí an Phrótacail seo.
2. Foilseoidh an taiscí in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach* na fógraí, na hionstraimí agus na cumarsáidí a bhaineann leis an bPrótacal seo.

EN FE DE LO CUAL los plenipotenciarios abajo firmantes suscriben el presente Protocolo.

TIL BEKRÆFTELSE HERAF har undertegnede befuldmægtigede underskrevet denne protokol.

ZU URKUND DESSEN haben die unterzeichneten Bevollmächtigten ihre Unterschriften unter dieses Protokoll gesetzt.

ΣΕ ΠΙΣΤΩΣΗ ΤΩΝ ΑΝΩΤΕΡΩ, οι υπογράφοντες πληρεξούσιοι έθεσαν την υπογραφή τους κάτω από το παρόν πρωτόκολλο.

IN WITNESS WHEREOF, the undersigned Plenipotentiaries have signed this Protocol.

EN FOI DE QUOI, les plénipotentiaires soussignés ont apposé leurs signatures au bas du présent protocole.

DÁ FHIANÚ SIN, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-síniú a lámh leis an bPrótacal seo.

IN FEDE DI CHE, i plenipotenziari sottoscritti hanno apposto le loro firme in calce al presente protocollo.

TEN BLIJKE WAARVAN de ondergetekende gevolmachtigden hun handtekening onder dit protocol hebben gesteld.

EM FÉ DO QUE, os plenipotenciários abaixo assinados apuseram as suas assinaturas no presente Protocolo.

TÄMÄN VAKUUDEKSI alla mainitut täysivaltaiset edustajat ovat allekirjoittaneet tämän pöytäkirjan.

TILL BEVIS HÄRPÅ har undertecknade befullmäktigade undertecknat detta protokoll.

Hecho en Bruselas, el diecinueve de junio de mil novecientos noventa y siete, en un ejemplar único, en lenguas alemana, danesa, española, finesa, francesa, griega, inglesa, irlandesa, italiana, neerlandesa, portuguesa y sueca, siendo cada uno de estos textos igualmente auténtico, que será depositado en los archivos de la Secretaría General del Consejo de la Unión Europea.

Udfærdiget i Bruxelles, den nittende juni nitten hundrede og syvoghalvfems, i ét eksemplar på dansk, engelsk, finsk, fransk, græsk, irsk, italiensk, nederlandsk, portugisisk, spansk, svensk og tysk, idet hver af disse tekster har samme gyldighed; de deponeres i arkiverne i Generalsekretariatet for Rådet for Den Europæiske Union.

Geschehen zu Brüssel am neunzehnten Juni neunzehnhundertsiebenundneunzig in einer Urschrift in dänischer, deutscher, englischer, finnischer, französischer, griechischer, irischer, italienischer, niederländischer, portugiesischer, schwedischer und spanischer Sprache, wobei jeder Wortlaut gleichermaßen verbindlich ist; die Urschrift wird im Archiv des Generalsekretariats des Rates der Europäischen Union hinterlegt.

Έγινε στις Βρυξέλλες, στις δέκαεννέα Ιουνίου χίλια εννιακόσια ενενήντα επτά, σε ένα μόνο αντίτυπο, στην αγγλική, γαλλική, γερμανική, δανική, ελληνική, ιρλανδική, ισπανική, ιταλική, ολλανδική, πορτογαλική, σουηδική και φινλανδική γλώσσα, όλα δε τα κείμενα είναι εξίσου αυθεντικά και κατατίθενται στα αρχεία της Γενικής Γραμματείας του Συμβουλίου της Ευρωπαϊκής Ένωσης.

Done at Brussels, this nineteenth day of June in the year one thousand nine hundred and ninety-seven, in a single original, in the Danish, Dutch, English, Finnish, French, German, Greek, Irish, Italian, Portuguese, Spanish and Swedish languages, each text being equally authentic, such original remaining deposited in the archives of the General Secretariat of the Council of the European Union.

Fait à Bruxelles, le dix-neuf juin mil neuf cent quatre-vingt-dix-sept en un exemplaire unique, en langues allemande, anglaise, danoise, espagnole, finnoise, française, grecque, irlandaise, italienne, néerlandaise, portugaise et suédoise, chacun de ces textes faisant également foi, exemplaire qui est déposé dans les archives du Secrétariat général du Conseil de l'Union européenne.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an naoú lá déag de Mheitheamh sa bhliain míle naoi gcéad nócha a seacht, i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis, sa Spáinnis agus sa tSualainnis agus comhúdarás ag na téacsanna i ngach ceann de na teangacha sin; déanfar an scríbhinn bhunaidh sin a thaisceadh i gcartlann Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

Fatto a Bruxelles, il diciannove giugno millenovecentonovantasette, in un unico esemplare in lingua danese, finlandese, francese, greca, inglese, irlandese, italiana, olandese, portoghese, spagnola, svedese e tedesca, tutti i testi facenti ugualmente fede, esemplare depositato negli archivi del segretariato generale del Consiglio dell'Unione europea.


Gedaan te Brussel, de negentiende juni negentienhonderd zevenennegentig, opgesteld in één exemplaar in de Deense, de Duitse, de Engelse, de Finse, de Franse, de Griekse, de Ierse, de Italiaanse, de Nederlandse, de Portugese, de Spaanse en de Zweedse taal, zijnde alle teksten gelijkelijk authentiek, dat wordt nedergelegd in het archief van het Secretariaat-generaal van de Raad van de Europese Unie.

Feito em Bruxelas, em dezanove de Junho de mil novecentos e noventa e sete, em exemplar único, nas línguas alemã, dinamarquesa, espanhola, finlandesa, francesa, grega, inglesa, irlandesa, italiana, neerlandesa, portuguesa e sueca, fazendo igualmente fé todos os textos, depositado nos arquivos do Secretariado-Geral do Conselho da União Europeia.

Tehty Brysselissä yhdeksäntenätoista päivänä kesäkuuta vuonna tuhatyhdeksänsataayhdeksänkymmentäseitsemän yhtenä ainoana kappaleena englannin, espanjan, hollannin, iirin, italian, kreikan, portugalín, ranskan, ruotsin, saksan, suomen ja tanskan kielellä kaikkien näiden tekstien ollessa yhtä todistusvoimaiset, ja se talletetaan Euroopan unionin neuvoston pääsihteeristön arkistoon.

Utfärdat i Bryssel den nittonde juni nittonhundra nittiosju i ett enda exemplar på danska, engelska, finska, franska, grekiska, iriska, italienska, nederländska, portugisiska, spanska, svenska och tyska språken, vilka samtliga texter är lika giltiga, och detta original skall deponeras i arkiven hos generalsekretariatet för Europeiska unionens råd.


Pour le gouvernement du royaume de Belgique
Voor de regering van het Koninkrijk België
Für die Regierung des Königreichs Belgien




For regeringen for Kongeriget Danmark




Für die Regierung der Bundesrepublik Deutschland



Για την κυβέρνηση της Ελληνικής Δημοκρατίας



Por el Gobierno del Reino de España



Pour le gouvernement de la République française




Thar ceann Rialtas na hÉireann
For the Government of Ireland




Per il governo della Repubblica italiana




Pour le gouvernement du grand-duché de Luxembourg




Voor de regering van het Koninkrijk der Nederlanden




Für die Regierung der Republik Österreich




Pelo Governo da República Portuguesa



Suomen hallituksen puolesta
På finska regeringens vägnar



På svenska regeringens vägnar



For the Government of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland



GNÍOMH ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Meitheamh 1997

ag dréachtú an Dara Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe pointe (c) d'Airteagal K.3 (2) de,

De bhrí go measann na Ballstáit, d'fhonn cuspóirí an Aontais a ghnóthú, gur ábhar leasa choitinn a thig faoin gcomhar atá bunaithe ag Teideal VI den Chonradh coirpeacht a dhéanann díobháil do leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chomhrac;

De bhrí gur dhréachtaigh an Chomhairle, le Gníomh an 26 Iúil 1995 uaithi ⁽¹⁾, an Coinbhinsiún maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint, mar chéad chomhaontú, arb é is aidhm shonrach dó calaois a dhéanann díobháil do na leasanna sin a chomhrac;

De bhrí gur dhréachtaigh an Chomhairle, le Gníomh an 27 Meán Fómhair 1996 uaithi ⁽²⁾, mar dhara céim, prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus atá dírithe, ach go háirithe, ar ghníomhartha éillitheacha a chomhrac a bhfuil oifigigh náisiúnta agus oifigigh Chomhphobail i dtreis iontu agus a dhéanann díobháil, nó ar dóigh dóibh díobháil a dhéanamh, do leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach;

De bhrí gur gá an Coinbhinsiún a fhorlíonadh a thuilleadh le dara prótacal atá dírithe, ach go háirithe, ar dhliteanas daoine dlítheanacha, coigistiú, sciúradh airgid agus comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún d'fhonn leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint agus sonraí pearsanta a bhaineann leo a chosaint;

TAR ÉIS A CHINNEADH go ndréachtaítear leis seo an Dara Prótacal a bhfuil an téacs de i gceangal leis seo agus atá sínithe ar an lá seo ag Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais;

Á MHOLADH do na Ballstáit lena ghlacadh i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 19 Meitheamh 1997.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. DE BOER

⁽¹⁾ IO Uimh. C 316, 27. 11. 1995, lch. 48.

⁽²⁾ IO Uimh. C 313, 23. 10. 1996, lch. 1.

IARSCRÍBHINN

AN DARA PRÓTACAL

arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint

TÁ NA HARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA sa Phrótacal seo, Ballstáit den Aontas Eorpach,

AG TAGAIRT DÓIBH do Ghníomh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 19 Meitheamh 1997;

ÓS MIAN LEO a áirithiú go gcuidíonn a ndlíthe coiriúla go héifeachtúil le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint;

AG AITHINT DÓIBH thábhacht Choinbhinsiún an 26 Iúil 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint chun calaois a dhéanann dochar d'ioncam agus caiteachas na gComhphobal a chomhrac;

AG AITHINT DÓIBH thábhacht Phrótacal an 27 Meán Fómhair 1996 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin sa chomhrac i gcoinne éilliú a dhéanann díobháil, nó ar dóigh dó díobháil a dhéanamh, do leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach;

ÓS FIOS DÓIBH go bhféadfaidh gníomhartha arna ndéanamh thar ceann daoine dlítheanacha agus gníomhartha a bhfuil sciúradh airgid i dtreis iontu díobháil a dhéanamh do leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach nó bheith ina mbagairt orthu;

ÓS DEIMHIN LEO gur gá an dlí náisiúnta a oiriúnú, nuair is gá, chun a fhoráil go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas i gcásanna calaoise nó éillithe ghníomhaigh agus sciúrtha airgid a dhéanann díobháil, nó ar dóigh dóibh díobháil a dhéanamh, do leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach;

ÓS DEIMHIN LEO gur gá an dlí náisiúnta a oiriúnú, nuair is gá, chun gníomhartha a phionósú lena ndéantar fáil ón gcalaois nó ón éilliú a sciúradh a dhéanann díobháil, nó ar dóigh dóibh díobháil a dhéanamh, do leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach agus chun gur féidir fáil ón gcalaois agus éilliú den sórt sin a choigistiú;

ÓS DEIMHIN LEO gur gá an dlí náisiúnta a oiriúnú, nuair is gá, d'fhonn a chosc go ndéanfar cúnaimh frithpháirteach a dhiúltú toisc amháin go bhfuil baint ag na cionta atá folaithe sa Phrótacal seo le cionta a bheineann le cánacha nó dleachtanna custaim nó go meastar gur cionta den saghas sin iad;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH go bhfuil an comhar idir na Ballstáit folaithe cheana i gCoinbhinsiún an 26 Iúil 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ach gur gá, gan dochar d'oibleagáidí faoin dlí Comhphobail, a fhoráil go hiomchuí freisin do chomhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún d'fhonn gníomhaíocht éifeachtúil a áirithiú i gcoinne na calaoise, an éillithe ghníomhaigh agus neamhghníomhaigh agus sciúradh airgid gaolmhar a dhéanann díobháil, nó ar dóigh dóibh díobháil a dhéanamh, do leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach, lena n-áirítear malartú faisnéise idir na Ballstáit agus an Coimisiún;

DE BHRÍ gur gá, d'fhonn malartú faisnéise a chothú agus a éascú, cosaint leormhaith a áirithiú do shonraí pearsanta;

DE BHRÍ nár chóir go mbeadh an malartú faisnéise ina bhac ar imscrúduithe atá faoi shiúl agus gur gá dá bhrí sin a fhoráil go gcosnófar rúndacht an imscrúdaithe;

DE BHRÍ gur chóir freisin forálacha iomchuí a leagan síos maidir le dlínse Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach;

DE BHRÍ, ar deireadh, gur chóir forálacha ábhartha Choinbhinsiún an 26 Iúil 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint a chur i bhfeidhm ar ghníomhartha áirithe atá folaithe sa Phrótacal seo,

TAR ÉIS COMHAONTÚ AR NA FORÁLACHA
SEO A LEANAS:

Airteagal 1

Sainmhínte

Chun críoch an Phrótacail seo:

- (a) ciallaíonn ‘an Coinbhinsiún’ Coinbhinsiún an 26 Iúil 1995, arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ⁽¹⁾;
- (b) ciallaíonn ‘calaois’ an t-iompar dá dtagraítear in Airteagal 1 den Choinbhinsiún;
- (c) — ciallaíonn ‘éilliú neamhghníomhach’ an t-iompar dá dtagraítear in Airteagal 2 de Phrótacal an 27 Meán Fómhair 1996, arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ⁽²⁾,
— ciallaíonn ‘éilliú gníomhach’ an t-iompar dá dtagraítear in Airteagal 3 den Phrótacal céanna;
- (d) ciallaíonn ‘duine dlítheanach’ aon eintiteas a bhfuil stádas den sórt sin aige faoin dlí náisiúnta is infheidhme, amach ó Stáit nó comhlachtaí poiblí eile i bhfeidhmiú údarás an Stáit agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta poiblí;
- (e) ciallaíonn ‘sciúradh airgid’ an t-iompar atá sainithe sa tríú fleasc d’Airteagal 1 de Threoir 91/308/CEE ón gComhairle an 10 Meitheamh 1991 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun críche sciúradh airgid a chos ⁽³⁾, a bhaineann le fáltais ón gcalaois, ar a laghad i gcásanna tromchúiseacha calaoise, agus ón éilliú gníomhach agus neamhghníomhach.

Airteagal 2

Sciúradh airgid

Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun sciúradh airgid a bhunú mar chion coiriúil.

Airteagal 3

Dliteanas daoine dlítheanacha

1. Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas don chalaouis, don éilliú gníomhach agus do sciúradh airgid arna ndéanamh ar mhaithe leo ag aon duine, ag gníomhú dó ina aonar nó mar bhall d’orgán de chuid an duine dhlítheanaigh, a bhfuil ardseasamh aige laistigh den duine dlítheanach atá bunaithe:

— ar chumhacht ionadaíochta don duine dlítheanach, nó

— ar údarás chun cinní a ghlacadh thar ceann an duine dhlítheanaigh, nó

— ar údarás chun rialú a fheidhmiú laistigh den duine dlítheanach,

agus freisin faoi dhliteanas do bheith i dtreis mar chúlpháirtithe nó mar ghríosóirí i gcalaois, in éilliú gníomhach nó i sciúradh airgid den sórt sin nó in iarracht ar chalaouis den sórt sin a dhéanamh.

2. Amach ó na cásanna dá bhforáiltear cheana i mír 1, glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar duine dlítheanach a chur faoi dhliteanas nuair is é an easpa maoirseachta nó rialaithe de chuid dá dtagraítear i mír 1 ba chúis gurbh fhéidir le duine faoine údarás calaois nó gníomh éillithe ghníomhaigh nó sciúradh airgid a dhéanamh ar mhaithe leis an duine dlítheanach sin.

3. Ní eisiafaidh dliteanas duine dhlítheanaigh faoi mhíreanna 1 agus 2 imeachtaí coiriúla i gcoinne daoine nádúrtha is údair nó gríosóirí na calaoise, an éillithe ghníomhaigh nó an sciúrtha airgid nó is cúlpháirtithe iontu.

Airteagal 4

Smachbhannaí do dhaoine dlítheanacha

1. Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh duine dlítheanach arna chur faoi dhliteanas de bhun Airteagal 3 (1) inphionóis le smachbhannaí atá éifeachtúil, comhréireach agus athchomhairleach a chuimseoidh fineálacha coiriúla nó neamhchoiriúla agus a fhéadfaidh smachbhannaí eile a chiomsú amhail:

(a) eisiaimh ón teideal chun sochar poiblí nó cúnaimh;

(b) dícháiliú sealadach nó buan chun gníomhaíochtaí tráchtála a chleachtadh;

(c) cur faoi mhaoirseacht bhreithiúnach;

(d) ordú foirceanta breithiúnach.

2. Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh duine dlítheanach arna chur faoi dhliteanas de bhun Airteagal 3 (2) inphionóis le smachbhannaí nó bearta atá éifeachtúil, comhréireach agus athchomhairleach.

Airteagal 5

Coigistiú

Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar ionstraimí na calaoise, an éillithe ghníomhaigh agus neamhghníomhaigh agus an sciúrtha airgid, agus fáltais uathu nó maoin a bhfreagraíonn a luach d’fháltais den sórt sin, a urghabháil agus, gan dochar do chearta

⁽¹⁾ IO Uimh. C 316, 27. 11. 1995, lch. 49.

⁽²⁾ IO Uimh. C 313, 23. 10. 1996, lch. 2.

⁽³⁾ IO Uimh. L 166, 28. 6. 1991, lch. 77.

tríú páirtithe *bona fide*, a choigistiú nó a aistriú. Déileáilfaidh an Ballstát, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, le haon ionstraimí, fáltais nó maoin eile arna n-urghabháil nó arna gcoigistiú.

Airteagal 6

Cionta a bhaineann le cánacha agus dleachtanna custaim

Ní fhéadfaidh Ballstát diúltú cúnamh frithpháirteach a sholáthar i ndáil leis an gcalaois, an éilliú gníomhach agus neamhghníomhach agus an sciúradh airgid toisc amháin go bhfuil baint aige le cion a bhaineann le cánacha nó dleachtanna custaim nó go meastar gur cion den saghas sin é.

Airteagal 7

Comhar le Coimisiún na gComhphobal Eorpach

1. Comhoibreoidh na Ballstáit agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach le chéile chun an chalaiois, an t-éilliú gníomhach agus neamhghníomhach agus sciúradh airgid a chomhrac.

Chuige sin, soláthróidh an Coimisiún aon chúnamh teicniúil agus oibríochtúil a fhéadfaidh a bheith ag teastáil ó na húdaráis náisiúnta inniúla chun comhordú a n-imscrúduithe a éascú.

2. Féadfaidh na húdaráis inniúla sna Ballstáit faisnéis a mhalartú leis an gCoimisiún chun gur fusa na fíorais a shuíomh agus gníomhaíocht éifeachtúil a áirithiú i gcoinne na calaoise, an éillithe ghníomhaigh agus neamhghníomhaigh agus an sciúrtha airgid. Cuirfidh an Coimisiún agus na húdaráis náisiúnta inniúla san áireamh, i ngach cás sonrath, riachtanais rúndacht na n-imscrúduithe agus chosaint na sonraí. Chuige sin, féadfaidh Ballstát, tráth na faisnéise a sholáthar don Choimisiún, coinníollacha sonracha a leagan síos a fholaíonn úsáid na faisnéise ag an gCoimisiún nó ag Ballstát eile a bhféadfar an fhaisnéis sin a chur chuige.

Airteagal 8

Freagracht an Choimisiúin as sonraí a chosaint

Áiritheoidh an Coimisiún, i gcomhthéacs faisnéis a mhalartú faoi Airteagal 7 (2), go n-urramóidh sé, i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta, leibhéal cosanta is coibhéiseach leis an leibhéal cosanta atá leagtha amach i dTreoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le

daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin ⁽¹⁾.

Airteagal 9

Rialacha cosanta sonraí a fhoilsiú

Déanfar na rialacha a ghlacfar maidir leis na hoibleagáidí faoi Airteagal 8 a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*.

Airteagal 10

Sonraí a aistriú chuig Ballstáit eile agus chuig tríú tíortha

1. Faoi réir aon choinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 7 (2), féadfaidh an Coimisiún sonraí pearsanta a fhaightear ó Ballstát i bhfeidhmiú a fheidhmeanna faoi Airteagal 7 a aistriú chuig aon Bhallstát eile. Cuirfidh an Coimisiún in iúl don Bhallstát a sholáthair an fhaisnéis go bhfuil sé ar intinn aige an t-aistriú sin a dhéanamh.

2. Féadfaidh an Coimisiún, faoi na coinníollacha céanna, sonraí pearsanta a fhaightear ó Bhallstát i bhfeidhmiú a fheidhmeanna faoi Airteagal 7 a aistriú chuig aon tríú tír ar chuntar go bhfuil an Ballstát a sholáthair an fhaisnéis tar éis comhaontú leis an aistriú sin.

Airteagal 11

Údarás maoirseachta

Aon údarás arna cheapadh nó arna chruthú d'fhonn feidhm na maoirseachta neamhspleáiche ar chosaint sonraí a fheidhmiú maidir le sonraí pearsanta arna sealbhú ag an gCoimisiún de bhun a fheidhmeanna faoin gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, beidh sé inniúil chun an fheidhm chéanna a fheidhmiú i leith sonraí pearsanta arna sealbhú ag an gCoimisiún de bhua an Phrótacail seo.

Airteagal 12

Gaol leis an gCoinbhinsiún

1. Beidh forálacha Airteagail 3, 5 agus 6 den Choinbhinsiún infheidhme freisin ar an iompar dá dtagraítear in Airteagal 2 den Phrótacal seo.

2. Beidh na forálacha seo a leanas den Choinbhinsiún infheidhme freisin ar an bPrótacal seo:

⁽¹⁾ IO Uimh. L 281, 23. 11. 1995, lch. 31.

— Airteagal 4, ar é a bheith le tuiscint go mbeidh aon dearbhú de réir bhrí Airteagal 4 (2) den Choinbhinsiún infheidhme freisin ar an bPrótacal seo mura sonrófáir a mhalairt tráth an fhógra dá bhforáiltear in Airteagal 16 (2) den Phrótacal seo a thabhairt,

— Airteagal 7, ar é a bheith le tuiscint go mbeidh prionsabal *ne bis in idem* infheidhme freisin ar dhaoine dlítheanacha agus go mbeidh aon dearbhú de réir bhrí Airteagal 7 (2) den Choinbhinsiún infheidhme freisin ar an bPrótacal seo mura sonrófáir a mhalairt tráth an fhógra dá bhforáiltear in Airteagal 16 (2) den Phrótacal seo a thabhairt,

— Airteagal 9,

— Airteagal 10.

Airteagal 13

An Chúirt Bhreithiúnais

1. Ní foláir don Chomhairle aon díospóid idir na Ballstáit maidir le léiriú nó cur i bhfeidhm an Phrótacail seo a phlé mar chéad chéim i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha amach i dTeideal VI den Chonradh ar an Aontas Eorpach d'fhonn teacht ar réiteach.

Mura mbeidh réiteach faighte laistigh de thréimhse sé mhí, féadfaidh páirtí sa díospóid í a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais.

2. Aon díospóid idir Ballstát amháin nó níos mó agus an Coimisiún maidir le hAirteagal 2, i ndáil le pointe (e) d'Airteagal 1, agus le hAirteagail 7, 8 agus 10 agus leis an gceathrú fleasc d'Airteagal 12 (2) den Phrótacal seo a chur i bhfeidhm nárbh fhéidir a réiteach trí chaibidlíocht, féadfar í a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais tar éis do thréimhse sé mhí ón dáta a thug ceann de na páirtithe fógra don pháirtí eile go raibh díospóid ann dul in éag.

3. Beidh Prótacal an 29 Samhain 1996, arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le léiriú, trí réamhráilú, ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach ar an gCoinbhinsiún maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint⁽¹⁾, infheidhme ar an bPrótacal seo, ar é a bheith le tuiscint go mbeidh dearbhú arna dhéanamh ag Ballstát de bhun Airteagal 2 den Phrótacal sin bailí freisin i leith an Phrótacail seo mura ndéanfaidh an Ballstát i dtrácht dearbhú dá mhalairt tráth an fhógra dá bhforáiltear in Airteagal 16 (2) den Phrótacal seo a thabhairt.

⁽¹⁾ IO Uimh. C 151, 20. 5. 1997, lch. 1

Airteagal 14

Dlíteanas neamhchonarthach

Chun críoch an Phrótacail seo, beidh dlíteanas neamhchonarthach an Chomhphobail faoi rialú ag an dara mír d'Airteagal 215 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh. Beidh Airteagal 178 den Chonradh céanna infheidhme.

Airteagal 15

Rialú breithiúnach

1. Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais in imeachtaí arna dtionscnamh ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach in aghaidh cinneadh ón gCoimisiún a díriodh chuig an duine sin nó is dá chúram go díreach agus go leithleach, mar gheall ar shárú Airteagal 8 nó aon riail arna glacadh dá bhun nó mar gheall ar mhí-úsáid cumhachtaí.

2. Beidh Airteagal 168a (1) agus (2), an cúigiú mír d'Airteagal 173, an chéad mhír d'Airteagal 174, an chéad mhír agus an dara mír d'Airteagal 176, agus Airteagail 185 agus 186 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, maille le Reacht Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach, infheidhme *mutatis mutandis*.

Airteagal 16

Teacht i bhfeidhm

1. Beidh an Prótacal seo faoi réir a ghlactha ag na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl d'Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh go bhfuil na nósanna imeachta is gá faoina rialacha bunreachtúla faoi seach chun an Prótacal seo a ghlacadh comhlíonta acu.

3. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm 90 lá tar éis don fhógra dá bhforáiltear i mír 2 a bheith tugtha ag an Stát is Ballstát den Aontas Eorpach ar an dáta a ghlac an Chomhairle an Gníomh ag dréachtú an Phrótacail seo is déanaí a dhéanfaidh an beart sin. Mura mbeidh an Coinbhinsiún tagtha i bhfeidhm ar an dáta sin áfach, tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm ar an dáta a thiocfaidh an Choinbhinsiún i bhfeidhm.

4. Ar a shon sin, déanfar cuir i bhfeidhm Airteagal 7 (2) a fhionraí mura mbeidh, agus fad nach mbeidh, an institiúid ábhartha de chuid na gComhphobal Eorpach tar éis a hoibleagáid na rialacha cosanta sonraí a fhoilsiú

de bhun Airteagal 9 a chomhlíonadh nó mura mbeifear, agus fad nach mbeifear, tar éis téarmaí Airteagal 11 maidir leis an údarás maoirseachta a chomhlíonadh.

Airteagal 17

Aontachas Ballstát nua

1. Beidh an Prótacal seo ar oscailt d'aontachas aon Stát a thiocfaidh chun bheith ina Bhallstát den Aontas Eorpach.
2. Is téacs údarásach téacs an Phrótacail seo i dteanga an Stáit aontaigh, arna dhréachtú ag Comhairle an Aontais Eorpaigh.
3. Déanfar ionstraimí aontachais a thaisceadh leis an taiscí.
4. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm i leith aon Stát a aontaíonn dó 90 lá tar éis dó a ionstraim aontachais a thaisceadh nó ar dháta an Phrótacail seo a theacht i bhfeidhm mura mbeidh sé tagtha i bhfeidhm fós tráth na tréimhse thuasluaite 90 lá a dhul in éag.

Airteagal 18

Forchoimeádais

1. Féadfaidh gach Ballstát an ceart a fhorchoimeád gan sciúradh airgid a bhaineann leis na fáiltais ón éilliú gníomhach agus neamhghníomhach a bhunú mar chion coiriúil ach i gcásanna tromchúiseacha éillithe

ghníomhaigh agus neamhghníomhaigh. Aon Bhallstát a dhéanann forchoimeádas den sórt sin, cuirfidh sé an taiscí ar an eolas tráth an fhógra dá bhforáiltear in Airteagal 16 (2) a thabhairt, agus tabharfaidh sé na mionsonraí dó maidir le raon feidhme an fhorchoimeádais. Beidh forchoimeádas den sórt sin bailí go ceann tréimhse cúig bliana ón bhfógra sin. Féadfar é a athnuachan uair amháin go ceann tréimhse eile cúig bliana.

2. Féadfaidh Poblacht na hOstaire a dhearbhu, tráth an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 16 (2) a thabhairt, nach mbeidh sí faoi cheangal ag Airteagal 3 agus 4. Scoirfidh dearbhú den sórt sin d'éifeacht a bheith leis cúig bliana tar éis dháta glactha an Ghnímh ag dréachtú an Phrótacail seo.

3. Ní cheadófar aon fhorchoimeádas eile amach ó na cinn dá bhforáiltear sa chéad fhleasc agus sa dara fleasc d'Airteagal 12 (2)

Airteagal 19

Taiscí

1. Is é Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh taiscí an Phrótacail seo.
2. Foilseoidh an taiscí in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach* faisnéis maidir leis an bPrótacal seo a ghlacadh agus aontachais leis, na dearbhuithe, na forchoimeádais agus gach fógra eile a bhaineann leis an bPrótacal seo.

EN FE DE LO CUAL, los plenipotenciarios abajo firmantes suscriben el presente Protocolo.

TIL BEKRÆFTELSE HERAF har undertegnede befuldmægtigede underskrevet denne protokol.

ZU URKUND DESSEN haben die Bevollmächtigten ihre Unterschriften unter dieses Protokoll gesetzt.

ΣΕ ΠΙΣΤΩΣΗ ΤΩΝ ΑΝΩΤΕΡΩ, οι υπογράφοντες πληρεξούσιοι έθεσαν την υπογραφή τους κάτω από το παρόν πρωτόκολλο.

IN WITNESS WHEREOF, the undersigned Plenipotentiaries have hereto set their hands.

EN FOI DE QUOI, les plénipotentiaires soussignés ont apposé leurs signatures au bas du présent protocole.

DÁ FHIANÚ SIN, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an bPrótacal seo.

IN FEDE DI CHE, i plenipotenziari sottoscritti hanno apposto le loro firme in calce al presente protocollo.

TEN BLIJKE WAARVAN de ondergetekende gevolmachtigden hun handtekening onder dit protocol hebben gesteld.

EM FÉ DO QUE, os plenipotenciários abaixo assinados apuseram as suas assinaturas no presente protocolo.

TÄMÄN VAKUUDEKSI täysivaltaiset edustajat ovat allekirjoittaneet tämän pöytäkirjan.

TILL BEVIS HÄRPÅ har de befullmäktigade undertecknat detta protokoll.

Hecho en Bruselas, el diecinueve de junio de mil novecientos noventa y siete, en un ejemplar único, en lenguas alemana, danesa, española, finesa, francesa, griega, inglesa, irlandesa, italiana, neerlandesa, portuguesa y sueca, siendo cada uno de estos textos igualmente auténtico, que será depositado en los archivos de la Secretaría General del Consejo de la Unión Europea.

Udfærdiget i Bruxelles, den nittende juni nitten hundrede og syvoghalvfems, i ét eksemplar på dansk, engelsk, finsk, fransk, græsk, irsk, italiensk, nederlandsk, portugisisk, spansk, svensk og tysk, idet hver af disse tekster har samme gyldighed; de deponeres i arkiverne i Generalsekretariatet for Rådet for Den Europæiske Union.

Geschehen zu Brüssel am neunzehnten Juni neunzehnhundertsiebenundneunzig in einer Urschrift in dänischer, deutscher, englischer, finnischer, französischer, griechischer, irischer, italienischer, niederländischer, portugiesischer, schwedischer und spanischer Sprache, wobei jeder Wortlaut gleichermaßen verbindlich ist; die Urschrift wird im Archiv des Generalsekretariats des Rates der Europäischen Union hinterlegt.

Έγινε στις Βρυξέλλες, στις δέκαεννέα Ιουνίου χίλια εννιακόσια ενενήντα επτά, σε ένα μόνο αντίτυπο, στην αγγλική, γαλλική, γερμανική, δανική, ελληνική, ιρλανδική, ισπανική, ιταλική, ολλανδική, πορτογαλική, σουηδική και φινλανδική γλώσσα, όλα δε τα κείμενα είναι εξίσου αυθεντικά και κατατίθενται στα αρχεία της Γενικής Γραμματείας του Συμβουλίου της Ευρωπαϊκής Ένωσης.

Done at Brussels, this nineteenth day of June in the year one thousand nine hundred and ninety-seven, in a single original, in the Danish, Dutch, English, Finnish, French, German, Greek, Irish, Italian, Portuguese, Spanish and Swedish languages, each text being equally authentic, such original remaining deposited in the archives of the General Secretariat of the Council of the European Union.

Fait à Bruxelles, le dix-neuf juin mil neuf cent quatre-vingt-dix-sept en un exemplaire unique, en langues allemande, anglaise, danoise, espagnole, finnoise, française, grecque, irlandaise, italienne, néerlandaise, portugaise et suédoise, chacun de ces textes faisant également foi, exemplaire qui est déposé dans les archives du Secrétariat général du Conseil de l'Union européenne.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an naoú lá déag de Mheitheamh sa bhliain míle naoi gcéad nócha a seacht, i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis, sa Spáinnis agus sa tSualainnis agus comhúdarás ag na téacsanna i ngach ceann de na teangacha sin; déanfar an scríbhinn bhunaidh sin a thaisceadh i gcartlann Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

Fatto a Bruxelles, il diciannove giugno millenovecentonovantasette, in un unico esemplare in lingua danese, finlandese, francese, greca, inglese, irlandese, italiana, olandese, portoghese, spagnola, svedese e tedesca, tutti i testi facenti ugualmente fede, esemplare depositato negli archivi del segretariato generale del Consiglio dell'Unione europea.


Gedaan te Brussel, de negentiende juni negentienhonderd zevenennegentig, opgesteld in één exemplaar in de Deense, de Duitse, de Engelse, de Finse, de Franse, de Griekse, de Ierse, de Italiaanse, de Nederlandse, de Portugese, de Spaanse en de Zweedse taal, zijnde alle teksten gelijkelijk authentiek, dat wordt nedergelegd in het archief van het Secretariaat-generaal van de Raad van de Europese Unie.

Feito em Bruxelas, em dezanove de Junho de mil novecentos e noventa e sete, em exemplar único, nas línguas alemã, dinamarquesa, espanhola, finlandesa, francesa, grega, inglesa, irlandesa, italiana, neerlandesa, portuguesa e sueca, fazendo igualmente fé todos os textos, depositado nos arquivos do Secretariado-Geral do Conselho da União Europeia.

Tehty Brysselissä yhdeksäntenätoista päivänä kesäkuuta vuonna tuhatyhdeksäsataayhdeksänkymmentäseitsemän yhtenä ainoana kappaleena englannin, espanjan, hollannin, iirin, italian, kreikan, portugalin, ranskan, ruotsin, saksan, suomen ja tanskan kielellä kaikkien näiden tekstien ollessa yhtä todistusvoimaiset, ja se talletetaan Euroopan unionin neuvoston pääsihteeristön arkistoon.

Utfärdat i Bryssel den nittonde juni nittonhundra nittiosju i ett enda exemplar på danska, engelska, finska, franska, grekiska, iriska, italienska, nederländska, portugisiska, spanska, svenska och tyska språken, vilka samtliga texter är lika giltiga, och detta original skall deponeras i arkiven hos generalsekretariatet för Europeiska unionens råd.

Pour le gouvernement du royaume de Belgique
Voor de regering van het Koninkrijk België
Für die Regierung des Königreichs Belgien




For regeringen for Kongeriget Danmark




Für die Regierung der Bundesrepublik Deutschland




Για την κυβέρνηση της Ελληνικής Δημοκρατίας



Por el Gobierno del Reino de España




Pour le gouvernement de la République française




Thar ceann Rialtas na hÉireann
For the Government of Ireland




Per il governo della Repubblica italiana



Pour le gouvernement du grand-duché de Luxembourg




Voor de regering van het Koninkrijk der Nederlanden



Für die Regierung der Republik Österreich




Pelo Governo da República Portuguesa



Suomen hallituksen puolesta
På finska regeringens vägnar



På svenska regeringens vägnar



For the Government of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland



Dearbhú compháirteach maidir le hAirteagal 13 (2)

Dearbhaíonn na Ballstáit nach mbeidh an tagairt in Airteagal 13 (2) d'Airteagal 7 den Phrótacal infheidhme ach ar an gcomhar idir an Coimisiún ar thaobh amháin agus na Ballstáit ar an taobh eile agus go bhfuil sé gan dochar do dhiscréid na mBallstát maidir le faisnéis a sholáthar le linn imscrúduithe coiriúla.

Dearbhú ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 7

Glacann an Coimisiún leis na cúraimí arna gcur air faoi Airteagal 7 den Dara Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint.
